



Uimhir 22 de 2011

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL, 2011

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Cionta iomchuí chun críocha an Achta seo.
4. Orduithe agus rialacháin.
5. Aisghairm.
6. Caiteachais.

CUID 2

COINNEÁIL

7. Leasú ar alt 4 d'Acht 1984.
8. Mainneachtain fillleadh ar stáisiún Garda Síochána de réir mar a cheanglaítear de bhun alt 4 d'Acht 1984.
9. Acht 1984 a leasú tuilleadh.
10. Leasú ar alt 2 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1998.
11. Leasú ar alt 72A den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006.
12. Leasú ar alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta), 1990.
13. Leasú ar alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996.
14. Leasú ar alt 52 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2007.

CUID 3

FORÁLACHA MAIDIR LE DOICIMÉID AGUS FAISNÉIS

15. Ordú doiciméid a thabhairt ar aird nó faisnéis a sholáthar.
16. Ábhar dlíthiúil faoi phribhléid.
17. Fíorais a nochtar i ndoiciméid a cheilt.
18. Toimhdeana maidir le doiciméid.
19. Faisnéis a choimeád siar.
20. Cosaint d'fhostaithe ar phionósú mar gheall ar fhaisnéis a nochtadh a bhaineann le cionta iomchuí.
21. Cionta, etc.
22. Dliteanas i leith cionta ag comhlachtaí corpraithe.

SCEIDEAL 1

“CIONTA IOMCHUÍ” CHUN CRÍOCHA AN ACHTA SEO

SCEIDEAL 2

SÁSAMH I LEITH SÁRÚ AR *ALT 20(1)*

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Féimheachta, 1988	1988, Uimh. 27
Acht an Bhainc Ceannais, 1971	1971, Uimh. 24
An tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010	2010, Uimh. 23
Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2), 1999	1999, Uimh. 30
Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986	1986, Uimh. 25
Acht na gCuideachtaí, 1963	1963, Uimh. 33
Acht na gCuideachtaí, 1990	1990, Uimh. 33
Achtanna na gCuideachtaí	
An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995	1995, Uimh.24
An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007	2007, Uimh. 19
An tAcht um Dhamáiste Coiriúil, 1991	1991, Uimh. 31
An tAcht um Fhianaise Choiriúil, 1992	1992, Uimh. 12
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996	1996, Uimh. 29
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta), 1990	1990, Uimh. 34
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009	2009, Uimh. 28
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010	2010, Uimh. 6
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005	2005, Uimh. 2
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001	2001, Uimh. 50
An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1984	1984, Uimh. 22
An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006	2006, Uimh. 26
An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007	2007, Uimh. 29
An tAcht um an Dlí Coiriúil, 1997	1997, Uimh. 14
Debtors (Ireland) Act 1840	3 & 4 Vic., c. 105
An tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2006	2006, Uimh 16
An tAcht Árachais, 1989	1989, Uimh. 3
An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2005	2005, Uimh. 12
An tAcht um Idirghabhálaithe Infheistíochta, 1995	1995, Uimh. 11
An tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994	1994, Uimh. 24
An tAcht um Chúiteamh d'Infheisteoirí, 1998	1998, Uimh. 37
An tAcht um Margaí in Ionstraimí Airgeadais agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2007	2007, Uimh. 37
An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009	2009, Uimh. 34
An tAcht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1998	1998, Uimh. 39
<i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> 1851	14 & 15 Vic., c. 93
An tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú), 2001	2001, Uimh. 27
<i>Prevention of Corruption Act</i> 1906	6 Edw. 7, c.34
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984	1984, Uimh. 21
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003	2003, Uimh. 29
An tAcht um Chlárú Teidil, 1964	1964, Uimh. 16
An tAcht um Bainc Thaisce Iontaobhais, 1989	1989, Uimh. 21

[*Uimh. 22.*] *An tAcht um Cheartas Coiriúil*, 2011. [2011.]

An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977	1977, Uimh. 10
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007	
An tAcht um Iontaobhais Aonad, 1990	1990, Uimh. 37



Uimhir 22 de 2011

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL, 2011

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AN DLÍ CHOIRIÚIL AGUS AN NÓIS IMEACHTA CHOIRIÚIL A BHAINNEANN LE CIONTA ÁIRITHE A IMSCRÚDÚ AGUS A IONCHÚISEAMH AGUS, CHUN NA CRÍCHE SIN, DO LEASÚ AN ACHTA UM CHEARTAS COIRIÚIL, 1984 CHUN SOCRÚ A DHÉANAMH MAIDIR LE COINNEÁIL DAOINE ATÁ Á gCOINNEÁIL AG AN nGARDA SÍOCHÁNA FAOIN ACHT SIN I dTACA LE hIMSCRÚDÚ NA gCIONTA SIN A FHIONRAÍ IN IMTHOSCA ÁIRITHE; DÁ SHOCRÚ GO mBEIDH CUMHACHT AG BREITHIÚNA DEN CHÚIRT DÚICHE A ORDÚ DO DHAOINE IN IMTHOSCA ÁIRITHE DOICIMÉID A THABHAIRT AR AIRD NÓ FAISNÉIS A THABHAIRT NÓ AN DÁ RUD SIN A DHÉANAMH CHUN CRÍOCHA IMSCRÚDÚ NA gCIONTA SIN; DO LEASÚ AN ACHTA UM CHEARTAS COIRIÚIL, 1984 CHUN SOCRÚ BREISE AGUS FEABHSAITHE A DHÉANAMH MAIDIR LE DAOINE ATÁ Á gCOINNEÁIL AG AN nGARDA SÍOCHÁNA FAOIN ACHT SIN IDIR UAIR AN MHEÁN OÍCHE AGUS 8 A.M.; DO LEASÚ AN ACHTA SIN AGUS ACHTACHÁIN ÁIRITHE EILE CHUN SOCRÚ BREISE AGUS FEABHSAITHE A DHÉANAMH MAIDIR LE DUL I gCOMHAIRLE LE hATURNAE AG DAOINE ATÁ Á gCOINNEÁIL AG AN nGARDA SÍOCHÁNA FAOIN ACHT SIN AGUS FAOI NA hACHTACHÁIN SIN I dTACA LE CIONTA A IMSCRÚDÚ; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE CIONTA A BHAINNEANN LE FÍORAIS ARNA NOCHTADH I nDOICIMÉID A CHEILT AGUS FAISNÉIS A CHOIMEÁD SIAR IN IMTHOSCA ÁIRITHE; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

2 Lúnasa 2011

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2011 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi

threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Léiriú.

2.—San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 1984” an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1984;

tá le “cion inghabhála” an bhrí atá leis in alt 2 (arna leasú le halt 8 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006) den Acht um an Dlí Coiriúil, 1997;

folaíonn “doiciméad” faisnéis arna taifeadadh in aon fhoirm agus aon rud a dtaifeadtar faisnéis air nó ann agus ar féidir faisnéis a bhaint as;

ciallaíonn “achtachán” reacht nó ionstraim arna déanamh faoi chumhacht a thugtar le reacht;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais;

forléireofar “cion iomchuí” de réir *alt 3*.

Cionta iomchuí
chun críocha an
Achta seo.

3.—(1) San Acht seo, ciallaíonn cion iomchuí—

- (a) cion inghabhála faoi fhoráil d’achtachán, nó faoin dlí coiteann, a shonraítear i *Sceideal 1*,
- (b) cion inghabhála faoi fhoráil d’achtachán, nó faoin dlí coiteann, a shonraítear in ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (2)*,
- (c) cion arb éard é cabhrú nó neartú le cion a shonraítear i *Sceideal 1* nó in ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (2)* a dhéanamh nó déanamh ciona den sórt sin a chomhairliú nó a thabhairt chun críche, nó
- (d) cion arb éard é comhcheilg cion a shonraítear i *Sceideal 1* nó in ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (2)* a dhéanamh nó gríosú cion den sórt sin a dhéanamh.

(2) Féadfaidh an tAire, le hordú, a shonrú gur cion iomchuí cion inghabhála faoi fhoráil d’achtachán, nó faoin dlí coiteann, a bhaineann le haon cheann de na réimsí seo a leanas, eadhon—

- (a) baincéireacht, infheistiú cistí agus gníomhaíochtaí airgeadais eile,
- (b) an dlí cuideachtaí,
- (c) sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta,
- (d) gadaíocht agus calaois,
- (e) breabaireacht agus éilliú,
- (f) iomaíocht agus cosaint tomhaltóirí,
- (g) gníomhartha coiriúla lena ngabhann líonraí cumarsáide agus córais faisnéise leictreonacha a úsáid nó i gcoinne líonraí nó córas den sórt sin, nó iad araon, nó

(h) cruinniú agus bailiú cánacha agus dleachtanna,

má mheasann an tAire gur cuí déanamh amhlaidh agus má tá sé nó sí den tuairim gur gá na cumhachtaí a thugtar leis an Acht seo i ndáil le himscrúdú a dhéanamh ar chionta iomchuí chun imscrúdú a dhéanamh ar chion den sórt sin mar gheall ar chineál an chiona lena mbaineann agus an tréimhse fhada ama a theastaíonn i gcoitinne chun imscrúdú a dhéanamh ar chion den sórt sin mar thoradh ar an gcastacht a eascraíonn i gcoitinne in imscrúdú den sórt sin de dhroim aon cheann amháin nó níos mó de na tosca seo a leanas, eadhon—

- (i) an líon finnéithe,
- (ii) an méid doiciméad,
- (iii) dáileadh leathan agus leathadh doiciméad a eascraíonn as modhanna leictreonacha cumarsáide a úsáid,
- (iv) an líon idirbheart,
- (v) castacht idirbheart, nó
- (vi) toisc eile,

a bhféadfaí a bheith ag súil leis go mbeidís i gceist.

(3) Ní dhéanfar ordú faoi *fho-alt* (2) ach amháin tar éis don Aire dul i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas ar chóir, i dtuairim an Aire, dul i gcomhairle leis nó léi, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin den Rialtas faoin achtachán lena mbaineann nó i ndáil leis an gcion lena mbaineann faoin dlí coiteann.

4.—(1) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin Acht seo is dóigh leis an Aire is gá chun críocha na rialachán. Orduithe agus rialacháin.

(2) Déanfar gach ordú faoi *alt* 3(2), nó gach rialachán faoin Acht seo, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú nó an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe nó an rialacháin, beidh an t-ordú nó an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú nó faoin rialachán.

5.—Aisghairtear ailt 47 agus 52 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Aisghairm.

6.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Aichta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

CUID 2

COINNEÁIL

7.—Leasaítear alt 4 d'Acht 1984—

Leasú ar alt 4 d'Acht 1984.

- (a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) (a) D’ainneoin ghinearáltacht fho-alt (3), má choinnítear duine de bhun an ailt seo i leith ciona iomchuí, féadfaidh an comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána ina bhfuil an duine á choinneáil nó á coinneáil, aon tráth le linn na coinneála, i gcás go bhfuil forais réasúnacha ag an gcomhalta chun a chreidiúint gur gá é chun a cheadú fiosruithe nó imscrúduithe a dhéanamh chun imscrúdú breise agus cuí a dhéanamh maidir leis an gcion lena mbaineann, coinneáil an duine a fhionraí.

(b) I gcás go ndéanann an comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána coinneáil duine a fhionraí faoin bhfo-alt seo, déanfar an duine, faoi réir fho-alt (5A), a scaoileadh saor ó choimeád láithreach mura bhfuil a choinneáil nó a coinneáil údaraithe ar leith ón Acht seo.

(3B) (a) Ní ceadmhach coinneáil duine de bhun an ailt seo i leith ciona iomchuí a fhionraí faoi fho-alt (3A) níos mó ná 2 uair.

(b) Ní faide in aon chás an tréimhse ama iomlán a bhféadfar coinneáil duine a fhionraí ar a feadh ná tréimhse 4 mhí ón dáta ar a ndearnadh an choinneáil a fhionraí den chéad uair.

(c) Faoi réir mhír (d), fillfidh duine a ndéanfar a choinneáil nó a coinneáil a fhionraí faoi fho-alt (3A) ar an stáisiún Garda Síochána sin cibé dáta agus cibé tráth a shonrófar le fógra i scríbhinn arna thabhairt dó nó di faoi fho-alt (3C) nó cibé dáta eile agus cibé tráth eile nó ar cibé stáisiún Garda Síochána eile a dtabharfar fógra i scríbhinn dó nó di ina leith faoi fho-alt (3D).

(d) Más rud é, i gcás duine a ndéantar a choinneáil nó a coinneáil a fhionraí faoi fho-alt (3A)—

(i) go leantar dá choinneáil nó dá coinneáil i leith ciona eile, agus

(ii) go dtagann deireadh leis an tréimhse choinneála iomlán is incheadaithe faoi fho-alt (9) le linn leanúint dá choinneáil nó dá coinneáil amhlaidh,

déanfaidh an comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána lena mbaineann fógra i scríbhinn i dtaobh an mhéid sin a thabhairt, nó a chur faoi deara fógra i scríbhinn i dtaobh an mhéid sin a thabhairt, don duine lena mbaineann agus measfar an fógra faoi fho-alt (3C) nó (3D), de réir mar a bheidh, a bheith tarraingthe siar dá réir sin.

- (3C) (a) I gcás go ndéantar coinneáil duine a fhionraí faoi fho-alt (3A), déanfaidh an comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána lena mbaineann fógra i scríbhinn a thabhairt don duine nó a chur faoi deara go dtabharfar fógra i scríbhinn dó nó di—
- (i) go bhfuil a choinneáil nó a coinneáil á fionraí,
 - (ii) maidir leis an stáisiún Garda Síochána agus maidir leis an dáta agus maidir leis an am a gceanglaítear air nó uirthi filleadh ar an stáisiún sin chun leanúint den choinneáil lena mbaineann, agus
 - (iii) maidir leis na hiarmhairtí faoi ailt 4A agus 4B a bhaineann le mainneachtain filleadh de réir fho-alt (3B).
- (b) Nuair a bheidh an fógra á thabhairt aige nó aici d'aon duine faoi mhír (a), déanfaidh comhalta den Gharda Síochána éifeacht an fhógra a mhíniú dó nó di ó bhéal.
- (3D) (a) Faoi réir fho-alt (3B)(b), féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná cigire, i leith duine a ndearnadh a choinneáil nó a coinneáil a fhionraí faoi fho-alt (3A), fógra i scríbhinn a eisiúint chuig an duine lena gceapfar dáta agus am nua nó stáisiún Garda Síochána éagsúil maidir leis an duine d'fhilleadh chun leanúint den choinneáil lena mbaineann i gcás go bhfuil forais réasúnacha ag an gcomhalta sin chun a chreidiúint gur gá, chun imscrúdú cuí a dhéanamh ar an gcion lena mbaineann, an dáta agus an t-am fillte nó an stáisiún Garda Síochána, de réir mar a bheidh, a athrú amhlaidh.
- (b) Maidir leis an duine ar ina leith a eiseofar an fógra faoi mhír (a), déanfar cibé fógra, maidir leis an dáta nua agus maidir leis an am nua nó maidir leis an stáisiún Garda Síochána nua a cheapfar faoin mír sin, a fhorordófar i rialacháin a dhéanfaidh an tAire faoi alt 4C a thabhairt dó nó di.
 - (c) Ní ceadmhach ach fógra amháin faoi mhír (a) a eisiúint chuig duine le linn gach tréimhse fionraí, ach ní dhéanfaidh aon ní sa mhír seo dochar d'fheidhmiú na cumhachta chun fógra den sórt sin a eisiúint sna himthosca dá dtagraítear i mír (d).
 - (d) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná cigire—
 - (i) má dhéanann duine a bhfionraítear a choinneáil nó a coinneáil faoi fho-alt (3A) sin a iarraidh, agus

- (ii) más deimhin leis an gcomhalta go bhfuil cúis mhaith dhóthanach ann chun déanamh amhlaidh,

fógra faoi mhír (a) a eisiúint.

- (3E) (a) I gcás go bhfilleann duine ar an stáisiún Garda Síochána de réir fho-alt (3B) nó go dtugtar é nó í ar ais chuige faoi alt 4A—

- (i) leanfar dá choinneáil nó dá coinneáil de réir an ailt seo ar feadh cibé tréimhse a údaráítear leis an alt seo, agus

- (ii) déanfar an tréimhse ama dar tosach an tráth a fhilleann sé nó sí ar an stáisiún Garda Síochána nó a thugtar é nó í ar ais chuige chun leanúint den choinneáil lena mbaineann a áireamh le linn tréimhse choinneála a cheadáítear leis an alt seo a ríomh.

- (b) Más rud é, áfach, nach bhfuil forais réasúnacha a thuilleadh, an tráth a fhilleann an duine nó an tráth a thugtar é nó í ar ais, ag an gcomhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána lena mbaineann chun a chreidiúint gur gá leanúint den duine a choinneáil chun imscrúdú cuí a dhéanamh ar an gcion, déanfar an duine, faoi réir fho-alt (5A), a scaoileadh saor ó choimeád láithreach mura bhfuil a choinneáil nó a coinneáil údaraithe ar shlí eile le dlí.

- (3F) D’fhonn amhras a sheachaint dearbháítear leis seo—

- (a) i gcás go ndéantar coinneáil duine a fhionraí faoi fho-alt (3A), go bhfanfaidh an choinneáil ar fionraí go dtí cibé tráth a leanfar di faoi fho-alt (3E) agus, dá réir sin, déanfar an tréimhse ama a bhfanfaidh an choinneáil ar fionraí lena linn a eisiáimh le linn tréimhse choinneála a cheadáítear leis an alt seo a ríomh,

- (b) i gcás go ndéantar duine, a bhfionraítear a choinneáil nó a coinneáil faoi fho-alt (3A) i leith ciona, a ghabháil agus a choinneáil ina dhiaidh sin (‘gabháil agus coinneáil ina dhiaidh sin’) i leith ciona eile, ní oibreoidh an ghabháil ná an choinneáil ina dhiaidh sin chun difear a dhéanamh don choinneáil a bhí ar fionraí agus fanfaidh sí ar fionraí go dtí cibé tráth a leanfar di faoi fho-alt (3E),

- (c) faoi réir fho-alt (9), i gcás go ndéantar coinneáil duine a fhionraí faoi fho-alt (3A) i leith ciona ach go leantar dá choinneáil nó dá coinneáil faoi fho-alt (5A) i leith ciona eile, ní oibreoidh an leanúint den choinneáil faoi fho-alt (5A) chun difear a dhéanamh don choinneáil a bhí ar fionraí i leith an chiona chéadluaite agus fanfaidh an choinneáil ar fionraí a mhéid a

bhaineann sí leis an gcion céadluaite go dtí cibé tráth a leanfar di faoi fho-alt (3E).”,

(b) i bhfo-alt (5A), trí “seachas cion lena mbaineann an choinneáil nó cion ar ina leith a rinneadh coinneáil de duine a fhionraí faoi fho-alt (3A)” a chur in ionad “seachas cion lena mbaineann an choinneáil”,

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) (a) Faoi réir mhíreanna (c) agus (d), más rud é go bhfuil duine á choinneáil nó á coinneáil de bhun an ailt seo i stáisiún Garda Síochána idir meán oíche agus 8 a.m.—

(i) déanfar aon cheistiú ar an duine chun críche an imscrúdaithe a fhionraí le linn na tréimhse sin,

(ii) déanfar an tréimhse ama sin a eisiamh chun tréimhse choinneála a cheadaítear leis an alt seo a ríomh, agus

(iii) ní dhéanfar na cumhachtaí a thugtar le halt 6 a fheidhmiú le linn na tréimhse fionraí.

(b) Déanfaidh an comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána a chur in iúl, nó a chur faoi deara go gcuirfear in iúl, don duine atá á choinneáil nó á coinneáil go bhféadfaidh sé nó sí agóid a dhéanamh i gcoinne fhionraí an cheistithe idir meán oíche agus 8 a.m.

(c) Ní bheidh éifeacht le mír (a) má dhéanann an duine atá á choinneáil nó á coinneáil agóid i gcoinne fhionraí an cheistithe faoin mír sin agus déanfar an agóid sin a thairfeadh i scríbhinn nó ar mhodh leictreonach nó ar mhodh eile den tsamhail sin.

(d) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas ar stáisiún Garda Síochána ceistiú duine arna choinneáil nó arna coinneáil de bhun an ailt seo idir meán oíche agus 8 a.m. a údarú i gcás go bhfuil forais réasúnacha ag an gcomhalta lena mbaineann chun a chreidiúint go ngabhfadh baol le fionraí an cheistithe—

(i) go gcuirfí isteach ar dhaoine eile nó go ndéanfaí díobháil do dhaoine eile,

(ii) go mbeadh cailleadh tromaí maoiné nó damáiste tromaí do mhaoin i gceist,

(iii) go scriosfaí fianaise nó go gcuirfí isteach ar fhianaise,

(iv) go dtabharfaí foláireamh do chomhchoirithe nó go mbeadh sé níos deacra a ngabháil a áirithiú, nó

- (v) go gcuirfí bac ar mhaoin a fuarthas de thoradh ciona a ghnóthú nó ar luach aon fháltas ó chion a ghnóthú.
- (e) Más rud é, aon tráth a bhfuil éifeacht leis an údarú lena linn, go gcreideann an comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána nach bhfuil forais réasúnacha ann a thuilleadh leis an údarú, déanfar é a tharraingt siar.
- (f) I gcás go dtabharfar údarú faoi mhír (d), beidh éifeacht leis ón tráth a thabharfar fógra san fhoirm fhorordaithe faoi mhír (g) go dtí 8 a.m. nó go dtí an t-am a thabharfar fógra ina dhiaidh sin san fhoirm fhorordaithe faoi mhír (h), de réir mar a bheidh, agus—
- (i) áireofar an tréimhse a mbeidh éifeacht leis an údarú lena linn chun tréimhse choinneála a cheadaítear leis an alt seo a ríomh, agus
- (ii) beidh na cumhachtaí a thugtar le halt 6 infheidhmithe maidir leis an duine lena mbaineann.
- (g) I gcás go dtabharfar údarú faoi mhír (d), déanfaidh an comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána fógra i scríbhinn san fhoirm fhorordaithe a thabhairt don duine a bheidh á choinneáil nó á coinneáil agus—
- (i) luafar san fhógra gur tugadh údarú,
- (ii) sonrófar san fhógra an t-am a tugadh an t-údarú mar aon leis an am a tugadh an fógra,
- agus déanfaidh an comhalta sin éifeacht an fhógra arna thabhairt amhlaidh a mhíniú don duine ó bhéal.
- (h) I gcás go ndéanfar údarú a tharraingt siar faoi mhír (e), déanfaidh an comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána fógra i scríbhinn san fhoirm fhorordaithe a thabhairt don duine a bheidh á choinneáil nó á coinneáil agus—
- (i) luafar san fhógra gur tarraingíodh siar an t-údarú, agus
- (ii) sonrófar san fhógra an t-am a tarraingíodh siar an t-údarú mar aon leis an am a tugadh an fógra,
- agus déanfaidh an comhalta sin éifeacht an fhógra arna thabhairt amhlaidh a mhíniú don duine ó bhéal.

- (i) Maidir le húdarú nó le tarraingt siar údaraithe faoin bhfo-alt seo, féadfar é a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn agus, má thugtar ó bhéal é, déanfar é a thaifeadadh i scríbhinn a luaithe is indéanta.
- (j) Ní oibreoidh aon ní i mír (a) chun cosc a chur le feidhmiú na gcumhachtaí a thugtar le halt 6 maidir le duine a ghabhtar agus a choinnítear idir meán oíche agus 8 a.m.
- (k) San fho-alt seo, ciallaíonn ‘forordaithe’ forordaithe ag an Aire i rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi alt 7.”
- (d) i bhfo-alt (9), trí “faoi fho-alt (3F)(a), (6), (8), (8A) nó (8B) nó faoi alt 4A nó 5A” a chur in ionad “faoi fho-alt (6), (8), (8A) nó (8B)”, agus
- (e) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (11):

“(12) San alt seo, tá le ‘cion iomchuí’ an bhrí atá leis san *Acht um Cheartas Coiriúil, 2011.*”.

8.—Leasaítear Acht 1984 trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 4:

Mainneachtain filleadh ar stáisiún Garda Síochána de réir mar a cheanglaítear de bhun alt 4 d’Acht 1984.

“Cumhacht chun duine a ghabháil agus a thabhairt ar ais chun leanúint de choinneáil.

4A.—(1) D’ainneoin alt 10, má tá drochamhras le réasún ar chomhalta den Gharda Síochána gur mhainnigh duine filleadh de réir alt 4(3B) ar stáisiún Garda Síochána chun leanúint dá choinneáil nó dá coinneáil, féadfaidh an comhalta, chun go leanfar den choinneáil—

(a) an duine a ghabháil gan bharántas, agus

(b) é nó í a thabhairt ar ais chuig an stáisiún Garda Síochána a shonraítear chun leanúint den choinneáil lena mbaineann.

(2) Aon duine a ghabhfar faoin alt seo, déanfar é nó í a thabhairt ar ais a luaithe is indéanta chuig an stáisiún Garda Síochána a shonraítear chun leanúint dá choinneáil nó dá coinneáil.

(3) I gcás go dtabharfar duine ar ais chuig stáisiún Garda Síochána faoi fho-alt (2), déanfar an tréimhse ama dar tosach an tráth a ghabhtar é nó í agus dar críoch an tráth a thagann sé nó sí chuig an stáisiún Garda Síochána lena mbaineann a eisiamh le linn tréimhse choinneála a cheadaítear faoi alt 4 a ríomh.

Cion arb éard é mainneachtain filleadh ar stáisiún Garda Síochána.

4B.—(1) I gcás go mainneoidh duine a ndearnadh a choinneáil nó a coinneáil a fhionraí faoi alt 4(3A), gan leithscéal réasúnach, filleadh ar an stáisiún Garda Síochána lena mbaineann de réir fho-alt (3B) d’alt 4, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A nó príosúnacht ar

feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) D'ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act* 1851, féadfar imeachtaí achoimre mar gheall ar chion faoin alt seo a thionscnamh laistigh de 2 bhliain ón dáta a rinneadh an cion.

(3) Maidir le forálacha an ailt seo, is forálacha iad i dteannta, agus ní forálacha iad in ionad, fhorálacha alt 4A.

Rialacháin maidir le coinneáil duine a fhionraí faoi alt 4(3A).

4C.—(1) Gan dochar d'alt 7 ná do na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (*An Bhail a Chuirfear ar Dhaoine Faoi Choimeád i Stáisiúin an Gharda Síochána*), 1987 (I.R. Uimh. 119 de 1987), déanfaidh an tAire rialacháin i ndáil leis na nósanna imeachta ag a mbeidh feidhm i gcás go ndéanfar coinneáil duine a fhionraí faoi alt 4(3A) agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin sin maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) foirm fógraí chun críocha fho-ailt (3B), (3C) agus (3D) d'alt 4, agus

(b) an tréimhse fógra chun críche alt 4(3D)(b).

(2) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin alt seo is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(3) Má mhainníonn aon chomhalta den Gharda Síochána déanamh de réir aon cheann d'fhorálacha na rialachán, ní fhágfaidh an mhainneachtain sin, uaithi féin, go ndlífear aon imeachtaí coiriúla nó sibhialta a thionscnamh i gcoinne an duine sin, ná ní dhéanfaidh sí difear, uaithi féin, do dhlíthiúlacht choimeád an duine atá á choinneáil nó á coinneáil ná d'aon ráiteas a dhéanfaidh sé nó sí a bheith inghlactha i bhfianaise.

(4) Má mhainníonn aon chomhalta den Gharda Síochána déanamh de réir aon cheann d'fhorálacha na rialachán, fágfaidh an mhainneachtain sin go ndlífear imeachtaí araíonachta a thionscnamh ina choinne nó ina coinne.

(5) Déanfar gach rialachán faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuifidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.”

9.—Leasaítear Acht 1984—

Acht 1984 a leasú tuilleadh.

(a) trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 5:

“Ceistiú daoine arna gcoinneáil faoi alt 4 gan a bheith ceadaithe i gcoitinne go dtí go mbeidh rochtain acu ar chomhairle dlí.

5A.—(1) Faoi réir fho-ailt (4) agus (5), ní dhéanfar aon duine a bheidh á choinneáil nó á coinneáil de bhun alt 4 a cheistiú go dtí cibé tráth a mbeidh deis ag an duine dul i gcomhairle le haturnae agus déanfar an tréimhse ama dar tosach an tráth a dhéanfaidh an duine a bheidh á choinneáil nó á coinneáil an iarraidh chun dul i gcomhairle le haturnae agus dar críoch an tráth a thosóidh comhairle den sórt sin a eisiamh le linn tréimhse choinneála a cheadaítear le halt 4 a ríomh.

(2) Maidir leis an tréimhse a fhéadfar a eisiamh faoi fho-alt (1)—

(a) i gcás duine a choinnítear i stáisiún Garda Síochána idir meán oíche agus 8 a.m. agus i gcás go bhfuil feidhm ag alt 4(6)(c), ní rachaidh sí thar 6 huaire an chloig nó cibé tréimhse eile is giorra ná sin a fhorordóidh an tAire le rialacháin faoi alt 5B, nó

(b) in aon chás eile, ní rachaidh sí thar 3 huaire an chloig nó cibé tréimhse eile is giorra ná sin a fhorordóidh an tAire le rialacháin faoi alt 5B.

(3) Maidir le duine atá á choinneáil nó á coinneáil agus a dhiúltaíonn dul i gcomhairle le haturnae a rinne é féin nó í féin a chur ar fáil chun go rachadh an duine atá á choinneáil nó á coinneáil i gcomhairle leis nó léi measfar, trí dhiúltú amhlaidh dul i gcomhairle leis an aturnae, gur tharscaoil sé nó sí a cheart nó a ceart chun dul i gcomhairle le haturnae.

(4) I gcás go ndéanann duine atá á choinneáil nó á coinneáil de bhun alt 4 a cheart nó a ceart chun dul i gcomhairle le haturnae a tharscaoileadh, nó go measfar faoi fho-alt (3) go ndearna sé nó sí a cheart nó a ceart chun dul i gcomhairle le haturnae a tharscaoileadh, féadfar ceistiú an duine sin a thosú.

(5) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas ar stáisiún Garda Síochána ceistiú duine atá á choinneáil nó á coinneáil de bhun alt 4 agus nach ndeachaigh i gcomhairle le haturnae fós a údarú i gcás go bhfuil forais réasúnacha ag an gcomhalta lena mbaineann chun a chreidiúint go ngabhfadh baol le moilliú an cheistithe—

- (a) go gcuirfí isteach ar dhaoine eile nó go ndéanfaí díobháil do dhaoine eile,
- (b) go mbeadh cailleadh tromaí maoiné nó damáiste tromaí do mhaoin i gceist,
- (c) go scriosfaí fianaise nó go gcuirfí isteach ar fhianaise,
- (d) go dtabharfaí foláireamh do chomheoirithe nó go mbeadh sé níos deacra a ngabháil a áirithiú, nó
- (e) go gcuirfí bac ar mhaoin a fuarthas de thoradh ciona a ghnóthú nó ar luach aon fháltas ó chion a ghnóthú.

(6) I gcás go dtabharfar údarú faoi fho-alt (5), déanfaidh an comhalta a bheidh i gceannas fógra i scríbhinn san fhoirm fhorordaithe a thabhairt don duine atá á choinneáil nó á coinneáil agus—

- (a) luafar san fhógra gur tugadh údarú,
- (b) sonrófar san fhógra an t-am a tugadh an t-údarú mar aon leis an am a tugadh an fógra,

agus déanfaidh an comhalta sin éifeacht an fhógra arna thabhairt amhlaidh a mhíniú don duine ó bhéal.

(7) Féadfar údarú faoi fho-alt (5) a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn agus, má thugtar ó bhéal é, déanfar é a thaifeadadh i scríbhinn a luaithe is indéanta.

(8) San alt seo agus in alt 5B—

ciallaíonn ‘dul i gcomhairle’ dul i gcomhairle go príobháideach agus folaíonn sé dul i gcomhairle trí theileafón;

foláíonn ‘dul i gcomhairle go príobháideach’ dul i gcomhairle a bhfuil radharc ag comhalta den Gharda Síochána air ach nach bhfuil i gcomhchlos don chomhalta lena mbaineann.

Rialacháin maidir le rochtain ar aturnae le linn coinneáil.

5B.—(1) Gan dochar d’alt 7 ná do na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear ar Dhaoine Faoi Choimeád i Stáisiúin an Gharda Síochána), 1987 (I.R. Uimh. 119 de 1987), déanfaidh an tAire rialacháin i ndáil le rochtain ar aturnae ag daoine atá á gcoinneáil i stáisiúin Garda Síochána agus,

gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin sin maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) na tréimhsí chun críche alt 5A(2),
- (b) na nósanna imeachta ag a mbeidh feidhm in imthosca ina n-ainmneoidh duine aturnae is rogha leis nó léi chun dul i gcomhairle leis an aturnae sin, lena n-áirítear na nósanna imeachta ag a mbeidh feidhm in imthosca nach mbeidh an t-aturnae a ainmneoidh an duine a bheidh á choinneáil nó á coinneáil in ann a ghealladh go gcuirfidh sé nó sí é féin nó í féin ar fáil laistigh de thréimhse shonraithe,
- (c) na nósanna imeachta ag a mbeidh feidhm maidir leis an gcomhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána d'ainmniú aturnae eile atá in ann a ghealladh go gcuirfidh sé nó sí é féin nó í féin ar fáil laistigh de thréimhse shonraithe,
- (d) na nósanna imeachta ag a mbeidh feidhm i gcás go ndiúltóidh duine a bheidh á choinneáil nó á coinneáil breithniú a dhéanamh i dtaobh an mian nó nach mian leis nó léi aturnae a ainmniú chun dul i gcomhairle leis an aturnae sin, lena n-áirítear na nósanna imeachta maidir leis an gcomhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána d'ainmniú aturnae atá in ann a ghealladh go gcuirfidh sé nó sí é féin nó í féin ar fáil laistigh de thréimhse shonraithe,
- (e) na tréimhsí chun críocha mhíreanna (b), (c) agus (d),
- (f) na nósanna imeachta ag a mbeidh feidhm in imthosca ina gcuirfidh aturnae a bheidh ainmnithe ag an nGarda Síochána é féin nó í féin ar fáil chun dul i gcomhairle leis an duine sin,

(g) na nósanna imeachta ag a mbeidh feidhm in imthosca ina ndiúltóidh duine dul i gcomhairle leis an aturnae a chuirfidh é féin nó í féin ar fáil chun dul i gcomhairle leis an duine sin, lena n-áirítear an socrú chun éifeacht an diúltaithe sin faoi alt 5A(3) a chur in iúl don duine a bheidh á choinneáil nó á coinneáil,

(h) na nósanna imeachta ag a mbeidh feidhm in imthosca—

(i) ina ndéanfaidh duine a cheart nó a ceart chun dul i gcomhairle le haturnae a tharscaoileadh, lena n-áirítear foirm an tarscaoilte sin, agus

(ii) ina measfar faoi alt 5A(3) gur tharscaoil duine a cheart nó a ceart chun dul i gcomhairle le haturnae, lena n-áirítear foirm an tarscaoilte sin,

(i) na nósanna imeachta ag a mbeidh feidhm in imthosca ina ndéanfaidh duine a tharscaoileadh nó a tharscaoileadh a tharraingt siar, lena n-áirítear an fhoirm ina ndéanfar an tharscaoileadh a tharraingt siar amhlaidh,

(j) saoráidí comhairliúcháin a sholáthar lena n-áirítear saoráidí chun a chumasú do dhuine a bheidh á choinneáil nó á coinneáil dul i gcomhairle go príobháideach le haturnae go pearsanta nó trí theileafón, agus

(k) an fhoirm chun críche alt 5A(6).

(2) Féadfar le rialacháin faoin alt seo—

(a) forálacha éagsúla a dhéanamh i ndáil le haicmí éagsúla daoine a bheidh á gcoinneáil i stáisiúin Garda Síochána, nó

(b) chun críche na dtréimhsí faoi alt 5A(2), tréimhsí éagsúla a shocrú i ndáil le limistéir éagsúla.

(3) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin alt

seo is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(4) Má mhainníonn aon chomhalta den Gharda Síochána déanamh de réir aon cheann d'fhorálacha na rialachán, ní fhágfaidh an mhainneachtain sin, uaithi féin, go ndlífear aon imeachtaí coiriúla nó sibhialta a thionscnamh i gcoinne an duine sin, ná ní dhéanfaidh sí difear, uaithi féin, do dhlíthiúlacht choimeád an duine atá á choinneáil nó á coinneáil ná d'aon ráiteas a dhéanfaidh sé nó sí a bheith inghlactha i bhfianaise.

(5) Má mhainníonn aon chomhalta den Gharda Síochána déanamh de réir aon cheann d'fhorálacha na rialachán, fágfaidh an mhainneachtain sin go ndlífear imeachtaí araíonachta a thionscnamh ina choinne nó ina coinne.

(6) Déanfar gach rialachán faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.”

(b) in alt 9, trí “le hait 4(8), 4(8A), 4(8B), 5, 5A,” a chur in ionad “le hait 4(8), 4(8A), 4(8B), 5,”

(c) in alt 18, i bhfo-alt (3), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

(b) gur cuireadh in iúl don chúisí, sular tharla an mhainneachtain nó an diúltú sin, go raibh sé de cheart aige nó aici dul i gcomhairle le haturnae agus, seachas i gcás go ndearna sé nó sí an ceart sin a tharscaoileadh, gur tugadh deis don chúisí dul i gcomhairle amhlaidh sular tharla an mhainneachtain nó an diúltú sin.”

(d) in alt 19, i bhfo-alt (3), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

(b) gur cuireadh in iúl don chúisí, sular tharla an mhainneachtain nó an diúltú sin, go raibh sé de cheart aige nó aici dul i gcomhairle le haturnae agus, seachas i gcás go ndearna sé nó sí an ceart sin a tharscaoileadh, gur tugadh deis don chúisí dul i gcomhairle amhlaidh sular tharla an mhainneachtain nó an diúltú sin.”

agus

(e) in alt 19A, i bhfo-alt (3), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

- (b) gur cuireadh in iúl don chúisí, sular tharla an mhainneachtain sin, go raibh sé de cheart aige nó aici dul i gcomhairle le haturnae agus, seachas i gcás go ndearna sé nó sí an ceart sin a tharscaoileadh, gur tugadh deis don chúisí dul i gcomhairle amhlaidh sular tharla an mhainneachtain sin.”.

Leasú ar alt 2 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1998.

10.—Leasaítear alt 2 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1998, i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

- “(b) gur cuireadh in iúl don chúisí, sular tharla mainneachtain den sórt sin, go raibh sé de cheart aige nó aici dul i gcomhairle le haturnae agus, seachas i gcás go ndearna sé nó sí an ceart sin a tharscaoileadh, gur tugadh deis don chúisí dul i gcomhairle amhlaidh sular tharla mainneachtain den sórt sin.”.

Leasú ar alt 72A den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006.

11.—Leasaítear alt 72A den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006, i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

- “(b) gur cuireadh in iúl don chúisí, sular tharla mainneachtain den sórt sin, go raibh sé de cheart aige nó aici dul i gcomhairle le haturnae agus, seachas i gcás go ndearna sé nó sí an ceart sin a tharscaoileadh, gur tugadh deis don chúisí dul i gcomhairle amhlaidh sular tharla mainneachtain den sórt sin.”.

Leasú ar alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta), 1990.

12.—Leasaítear alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta), 1990—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “ní chiontófar duine i gcion mar gheall ar thátal, agus mar gheall air sin amháin nó mar gheall air sin go príomha, a bhainfear as diúltú den sórt sin” a chur in ionad “ní chiontófar duine i gcion mar gheall ar thátal, agus mar gheall air sin amháin, a bhainfear as diúltú den sórt sin”,

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Ní bheidh éifeacht le fo-alt (1)—

- (a) murar insíodh don chúisí i ngnáthchaint agus a thoiliú nó a toiliú á lorg—

- (i) go raibh an sampla ag teastáil chun críche tástála dlí-eolaíochta,

- (ii) go raibh a thoiliú nó a toiliú riachtanach, agus

- (iii) mura dtabharfadh sé nó sí a thoiliú nó a toiliú, cén éifeacht a d’fhéadfadh a bheith le diúltú dá chuid nó dá cuid an toiliú sin a thabhairt,

agus

- (b) murar cuireadh in iúl don chúisí, sular tharla diúltú den sórt sin, go raibh sé de cheart aige nó aici dul i gcomhairle le haturnae agus, seachas i gcás go ndearna sé nó sí an ceart sin a tharscaoileadh, gur tugadh deis don chúisí dul i gcomhairle amhlaidh sular tharla diúltú den sórt sin.”,

agus

- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

(3A) Faoi réir fho-alt (4), ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le diúltú ag duine an toiliú cuí a thabhairt mura ndéantar lorg an toilithe sin ag comhalta den Gharda Síochána a thaifeadadh trí mheán leictreonach nó trí mheán den tsamhail sin nó mura dtoilíonn an duine i scríbhinn gan é a thaifeadadh amhlaidh.”.

13.—Leasaítear alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996 trí “5, 5A” a chur in ionad “5”.

Leasú ar alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996.

14.—Leasaítear alt 52 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2007 trí “5, 5A” a chur in ionad “5”.

Leasú ar alt 52 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2007.

CUID 3

FORÁLACHA MAIDIR LE DOICIMÉID AGUS FAISNÉIS

15.—(1) Chun imscrúdú a dhéanamh ar chion iomchuí, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána iarratas a dhéanamh chuig breitheamh den Chúirt Dúiche ar ordú faoin alt seo i ndáil leis na nithe seo a leanas—

Ordú doiciméid a thabhairt ar aird nó faisnéis a sholáthar.

- (a) duine do chur aon doiciméid áirithe nó doiciméid de thuirisc áirithe ar fáil, nó
- (b) duine do sholáthar faisnéis áirithe trí cheisteanna a fhreagairt nó trí ráiteas ina bhfuil an fhaisnéis a dhéanamh,

nó i ndáil leo araon.

(2) Ar iarratas faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, más deimhin leis nó léi trí fhaisnéis faoi mhionn ón gcomhalta den Gharda Síochána a dhéanann an t-iarratas—

- (a) go bhfuil forais réasúnacha amhrais ann go bhfuil doiciméid áirithe nó doiciméid de thuirisc áirithe i seilbh nó faoi rialú duine,
- (b) go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil na doiciméid iomchuí maidir le himscrúdú an chiona iomchuí lena mbaineann,
- (c) go bhfuil forais réasúnacha amhrais ann go bhféadfadh gurb é atá sna doiciméid (nó i gcuid díobh) fianaise ar

dhéanamh an chiona sin nó a bhaineann le déanamh an chiona sin, agus

- (d) go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint gur chóir na doiciméid a thabhairt ar aird nó gur chóir rochtain a thabhairt orthu, ag féachaint don tairbhe is dócha a bheadh ann don imscrúdú agus d'aon imthosca iomchuí eile,

a ordú don duine—

- (i) na doiciméid a thabhairt ar aird do chomhalta den Gharda Síochána chun go dtabharfaidh an comhalta leis nó léi iad agus, más dóigh leis an mbreitheamh gur cuí é, na doiciméid a shainaithint agus a aicmiú atá le tabhairt ar aird amhlaidh ar an tslí áirithe (más ann) a iarrtar san iarratas, nó ar cibé slí eile a ordóidh an breitheamh, agus na doiciméid a thabhairt ar aird ar an tslí sin, nó

- (ii) rochtain a thabhairt don chomhalta sin orthu,

láithreach nó laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san ordú.

(3) Ar iarratas faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, más deimhin leis nó léi trí fhaisnéis faoi mhionn ón gcomhalta den Gharda Síochána a dhéanann an t-iarratas—

- (a) go bhfuil forais réasúnacha amhrais ann go bhfuil faisnéis ag duine ar mhainnigh nó ar dhiúltaigh sé nó sí, gan leithscéal réasúnach, í a thabhairt don Gharda Síochána tar éis don Gharda Síochána a iarraidh air nó uirthi déanamh amhlaidh,
- (b) go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil an fhaisnéis iomchuí maidir le himscrúdú an chiona iomchuí lena mbaineann,
- (c) go bhfuil forais réasúnacha amhrais ann go bhféadfadh gurb é atá san fhaisnéis (nó i gcuid di) fianaise ar dhéanamh an chiona sin nó a bhaineann le déanamh an chiona sin, agus
- (d) go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint gur chóir an fhaisnéis a sholáthar, ag féachaint don tairbhe is dócha a bheadh ann don imscrúdú agus d'aon imthosca iomchuí eile,

faoi réir *fho-alt (4)*, a ordú don duine—

- (i) an fhaisnéis a sholáthar do chomhalta den Gharda Síochána trí na ceisteanna a shonraítear san iarratas a fhreagairt nó trí ráiteas a dhéanamh ina leagfar amach na freagraí ar na ceisteanna sin, nó iad araon, agus
- (ii) dearbhú a dhéanamh go bhfuil na freagraí ar na ceisteanna sin fíor,

láithreach nó laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san ordú.

(4) Na tagairtí i *bhfo-ailt (1)(b)* agus (3) d'fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ina hábhar d'ordú faoin alt seo, is tagairtí iad d'fhaisnéis a fuair an duine lena mbaineann i ngnáthchúrsa gnó.

(5) Féadfar, ar iarratas ón gcomhalta lena mbaineann den Gharda Síochána faoi *fho-alt (1)*, a cheangal le hordú faoin alt seo a bhaineann le doiciméid in aon áit ar aon duine, is duine ar dealraitheach don bhreitheamh den Chúirt Dúiche ina leith go bhfuil sé nó sí i dteideal dul isteach san áit a dheonú, a cheadú do chomhalta den Gharda Síochána dul isteach san áit chun rochtain a fháil ar na doiciméid.

(6) Más rud é nach bhfuil na doiciméid lena mbaineann i bhfoirm inléite, beidh éifeacht le hordú faoin alt seo mar ordú—

- (a) chun aon phasfhocal a thabhairt do chomhalta den Gharda Síochána is gá chun doiciméid inléite agus intuigthe a dhéanamh de na doiciméid,
- (b) chun a chumasú ar shlí eile don chomhalta den Gharda Síochána na doiciméid a scrúdú i bhfoirm ina bhfuil siad inléite agus intuigthe, nó
- (c) chun na doiciméid a thabhairt ar aird don chomhalta den Gharda Síochána i bhfoirm inar féidir iad a thabhairt chun siúil agus ina bhfuil siad inléite agus intuigthe nó inar féidir doiciméid inléite agus intuigthe a dhéanamh díobh.

(7) Maidir le hordú faoin alt seo—

- (a) a mhéid a chumhachtófar leis go ndéanfaidh comhalta den Gharda Síochána doiciméad a thabhairt leis nó léi nó go dtabharfar rochtain dó nó di ar dhoiciméad, beidh éifeacht leis freisin mar ordú lena gcumhachtófar don chomhalta cóip a dhéanamh den doiciméad agus an chóip a thabhairt leis nó léi,
- (b) ní thabharfar aon cheart leis chun aon doiciméad atá faoi réir pribhléide gairmiúla dlíthiúla a thabhairt ar aird ná chun rochtain a fháil ar an gcéanna, agus
- (c) beidh éifeacht leis d'ainneoin aon oibleagáide eile maidir le rúndacht nó d'ainneoin aon sriain eile ar nochtadh faisnéise a fhorchuirtear le reacht nó ar shlí eile.

(8) (a) I gcás go ndéanfaidh, nó go bhféadfadh, comhalta den Gharda Síochána doiciméad a thabhairt leis nó léi de bhun ordú faoin alt seo, féadfaidh aon duine lena mbaineann an t-ordú, nó a ndéanann an t-ordú difear dó nó di, a iarraidh ar an gcomhalta den Gharda Síochána a cheadú don duine an doiciméad a choinneáil, nó a chur faoi deara é a thabhairt ar ais don duine, fad a thógfaidh nó a choinneoidh an comhalta cóip de.

(b) Ní ceadmhach don chomhalta lena mbaineann den Gharda Síochána géilleadh d'iarraidh faoi *mhír (a)* ach amháin más deimhin leis nó léi—

(i) go bhfuil an doiciméad ag teastáil ón duine chun críocha a ghnó nó a gnó nó chun críche dlisteanáil éigin eile, agus

(ii) go ngeallann an duine i scríbhinn—

(I) an doiciméad a choimeád sábháilte agus slán, agus

(II) nuair a iarrann an Garda Síochána air nó uirthi déanamh amhlaidh, é a thabhairt don Gharda Síochána i dtaca le haon imeachtaí coiriúla a bhfuil sé ag teastáil ina leith.

(c) Má mhainníonn nó má dhiúltaíonn duine déanamh de réir gealltanais a thug sé nó sí faoi *mhír (b)(ii)*, ní dhéanfar dochar do chóip den doiciméad lena mbaineann a bheith inghlactha i bhfianaise in aon imeachtaí coiriúla.

(9) Aon doiciméid a thabharfaidh comhalta den Gharda Síochána leis nó léi de bhun ordú faoin alt seo, féadfaidh an comhalta iad a choinneáil lena n-úsáid mar fhianaise in aon imeachtaí coiriúla.

(10) Ní bheidh ráiteas nó admháil ó dhuine de bhun ordú faoin alt seo inghlactha mar fhianaise in imeachtaí a thionscnófar i gcoinne an duine i leith ciona (seachas cion faoi *fho-alt (15), (16) nó (17)*).

(11) (a) Féadfar, le hordú faoin alt seo lena ndéantar foráil go ndéanfaidh duine doiciméid a thabhairt ar aird nó rochtain a thabhairt orthu, a cheangal ar an duine, más cuí leis an mbreitheamh den Chúirt Dúiche déanamh amhlaidh, deimhniú a thabhairt do chomhalta den Gharda Síochána á dhaingniú—

(i) fíre na ndoiciméad, agus

(ii) i gcás doiciméad i bhfoirm neamh-inléite a atáirgtear i bhfoirm inléite, córas agus modh an atáirgthe sin,

nuair a dhéantar na doiciméid a thabhairt ar aird nó nuair a thugtar rochtain orthu nó cibé tráth ina dhiaidh sin a shonrófar san ordú.

(b) Féadfaidh an tAire, le rialacháin arna ndéanamh faoin bhfo-alt seo, an modh a shonrú ar a bhféadfar doiciméid de chineálacha nó d'aicmí éagsúla, nó cóipeanna díobh, a fhíordheimhniú.

(12) I gcás go ndéanann duine a thugann doiciméid ar aird de bhun ordú faoin alt seo lian a éileamh ar na doiciméid sin nó ar chuid díobh, déanfar iad a thabhairt ar aird gan dochar don lian.

(13) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, ar iarratas ó aon duine lena mbaineann ordú faoin alt seo nó ó chomhalta den Gharda Síochána, an t-ordú a athrú nó a urscaoileadh.

(14) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, ar iarratas ó aon duine a ndéanann ordú faoin alt seo difear dó nó di agus nár géilleadh dá iarraidh nó dá hiarraidh doiciméid a thabhairt ar ais faoi *fho-alt (8)*, ordú a dhéanamh maidir leis na doiciméid lena mbaineann a thabhairt ar ais don duine sin más cuí leis an mbreitheamh déanamh amhlaidh faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a ordóidh an breitheamh.

(15) Aon duine a mhainneoidh nó a dhiúltaíodh, gan leithscéal réasúnach, ordú faoin alt seo a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(16) Aon duine a dhéanfaidh, i gcomhlíonadh airbheartaithe ordaithe faoin alt seo, faisnéis a sholáthar nó ráiteas a thabhairt atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha nuair is eol dó nó di í nó é a bheith bréagach nó míthreorach amhlaidh, nó a bheidh meargánta i dtaobh í nó é a bheith bréagach nó míthreorach amhlaidh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(17) Aon duine a mhainneoidh nó a dhiúltóidh, gan leithscéal réasúnach, déanamh de réir gealltanais a thug sé nó sí faoi *fho-alt (8)(b)(ii)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(18) Déanfar iarratas ar ordú faoi *fho-alt (1)* chuig breitheamh den Chúirt Dúiche atá sannta don dúiche chúirte dúiche ina bhfuil na doiciméid a iarrtar, nó ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine óna n-iarrtar na doiciméid nó an fhaisnéis nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha nó, más cuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí) an duine sin, don dúiche chúirte dúiche ina bhfuil oifig chláraithe na cuideachta nó ina seolann an cuideachta aon ghnó.

(19) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo difear d’oibriú forála in aon achtachán eile faoina bhféadfaidh cúirt a ordú do dhuine aon doiciméid a thabhairt ar aird do chomhalta den Gharda Síochána nó d’aon duine eile i dtaca le cion a imscrúdú.

16.—(1) San alt seo, ciallaíonn “ábhar dlíthiúil faoi phribhléid” doiciméad a bhfuil duine i dteideal, i dtuairim na cúirte lena mbaineann, diúltú é a thabhairt ar aird nó rochtain a thabhairt air ar fhorais a bhaineann le pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil.

Ábhar dlíthiúil faoi pribhléid.

(2) Má dhiúltaíonn duine doiciméad a thabhairt ar aird nó rochtain a thabhairt air de bhun ordú ó bhreitheamh den Chúirt Dúiche faoi *alt 15* ar an bhforas gur ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an doiciméad, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt sin ar chinneadh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an doiciméad.

(3) Aon duine a dhiúltaíonn doiciméad a thabhairt ar aird nó rochtain a thabhairt air de bhun ordú ó bhreitheamh den Chúirt Dúiche faoi *alt 15* ar an bhforas gur ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an doiciméad, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chuig breitheamh den Chúirt Dúiche ar chinneadh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an doiciméad.

(4) Aon duine a dhiúltaíonn doiciméad a thabhairt ar aird nó rochtain a thabhairt air de bhun ordú ó bhreitheamh den Chúirt Dúiche faoi *alt 15* ar an bhforas gur ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an doiciméad, déanfaidh sé nó sí an doiciméad a chaomhnú agus a

choimeád in áit shábháilte shlán go dtí go gcinneadh iarratas faoi *fho-alt (2)* nó *(3)* agus déanfaidh sé nó sí, má chinntear amhlaidh nach ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an doiciméad, é a thabhairt ar aird de réir an ordaithe.

(5) Go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach ar iarratas faoi *fho-alt (2)* nó *(3)*, féadfaidh an breitheamh den Chúirt Dúiche cibé ordacháin eatramhacha nó idirbhreitheacha a thabhairt is cuí leis an mbreitheamh, lena n-áirítear, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, i gcás go mbeidh líon na ndoiciméad is ábhar don iarratas substaintiúil, ordacháin maidir le duine a cheapadh ag a mbeidh cáilíochtaí oiriúnacha dlí agus ag a mbeidh an leibhéal taithí, agus an neamhspleáchas ar aon leas a bheidh le cinneadh idir na páirtithe lena mbaineann, is dóigh leis an mbreitheamh is cuí—

(a) chun na doiciméid a scrúdú, agus

(b) chun tuarascáil a ullmhú don bhreitheamh d'fhonn cuidiú leis an mbreitheamh, nó d'fhonn a éascú dó nó di, a chinneadh nó a cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid na doiciméid.

(6) Má ordaíonn an breitheamh den Chúirt Dúiche amhlaidh, féadfar iarratas faoi *fho-alt (2)*, *(3)* nó *(5)* a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.

(7) Déanfar fógra maidir le hiarratas faoi *fho-alt (2)* a sheirbheáil ar an duine lena mbaineann an t-ordú áirithe agus déanfar fógra maidir le hiarratas faoi *fho-alt (3)* a sheirbheáil ar an gcomhalta den Gharda Síochána a iarrann go gcuirfear iallach ar dhuine an doiciméad lena mbaineann a thabhairt ar aird nó rochtain air a thabhairt don chomhalta.

(8) Beidh ábhar achomhairc chun na Cúirte Cuarda ann i gcoinne cinnidh ó bhreitheamh den Chúirt Dúiche faoin alt seo agus ní bheidh aon ábhar achomhairc eile ann i gcoinne ordú ón gCúirt Chuarda arna dhéanamh ar achomharc faoin alt seo.

(9) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacha cúirte maidir le hiarratais chuig breitheamh den Chúirt Dúiche, agus maidir le haon achomhairc i gcoinne cinní ó bhreitheamh den sórt sin, a éisteacht go luath faoin alt seo.

(10) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha an ailt seo maidir le costais a dhámhachtain d'aon pháirtí, nó maidir le costais a íoc ag aon pháirtí nó le haon pháirtí, de bhun iarratais nó achomhairc faoin alt seo.

Fórais a nochtar i ndoiciméid a cheilt.

17.—(1) Aon duine—

(a) arb eol dó nó di nó a bhfuil drochamhras air nó uirthi go bhfuil imscrúdú ag an nGarda Síochána ar chion iomchuí, seachas cion lena mbaineann alt 51 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, á sheoladh nó gur dóigh go mbeifear á sheoladh, agus

(b) a fhalsaíonn, a cheileann, a scriosann nó a dhiúsraíonn ar shlí eile doiciméad nó taifead arb eol dó nó di, nó a bhfuil drochamhras air nó uirthi, go mbeadh sé iomchuí maidir leis an imscrúdú, nó a chuireann faoi deara nó a cheadaíonn é a fhalsú, a cheilt, a scriosadh nó a dhiúscairt,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Más rud é go ndéanann duine—

- (a) doiciméad a fhalsú, a cheilt, a scriosadh nó a dhiúscairt ar shlí eile, nó
- (b) a chur faoi deara nó a cheadú é a fhalsú, a cheilt, a scriosadh nó a dhiúscairt,

in imthosca de shórt go bhfuil sé réasúnach a mheas gurbh eol don duine nó go raibh drochamhras air nó uirthi—

- (i) go raibh imscrúdú ag an nGarda Síochána ar chion iomchuí, seachas cion lena mbaineann alt 51 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, á sheoladh nó gur dóigh go mbeifí á sheoladh, agus
- (ii) go raibh an doiciméad nó go mbeadh an doiciméad iomchuí maidir leis an imscrúdú,

glacfar leis, chun críocha an ailt seo, gurbh eol dó nó di nó go raibh drochamhras air nó uirthi amhlaidh, mura rud é gur deimhin leis an gcúirt nó leis an ngúiré, de réir mar a bheidh, ag féachaint don fhianaise go léir, go bhfuil amhras réasúnach ann i dtaobh arbh eol dó nó di nó an raibh drochamhras air nó uirthi.

(3) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Ní dhéanfaidh an t-alt seo difear d'oibriú alt 51 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 sa mhéid go mbaineann an t-alt sin le cionta ar cionta iomchuí iad.

18.—(1) Beidh feidhm ag na toimhdeana dá bhforáiltear i *bhfo-ailt* (2) agus (3) in aon imeachtaí mar gheall ar chion iomchuí i ndáil le faisnéis atá i ndoiciméad (de réir bhrí an Achta seo) lena mbaineann alt 5 den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992 nó lena mbainfeadh sé dá ndéanfaí an doiciméad a atáirgeadh i mbuanfhoirm inléite.

Toimhdeana maidir le doiciméid.

(2) I gcás go n-airbheartaítear gur chruthaigh duine doiciméad in imthosca ina bhfuil sé réasúnach a thiomhdiú gurbh é nó í an duine sin a chruthaigh é toimhdeofar, mura suífear a mhalairt, gurbh é nó í an duine sin a chruthaigh an doiciméad agus, sna himthosca sin, gurbh é nó í an duine sin a rinne aon ráiteas atá ann, mura gcuirfear déanamh an doiciméid i leith duine éigin eile go sainráite nó go hintuigthe sa doiciméad.

(3) I gcás go n-airbheartaítear, maidir le doiciméad—

- (a) gur chruthaigh duine é in imthosca ina bhfuil sé réasúnach a thiomhdiú gurbh é nó í an duine sin a chruthaigh é, agus
- (b) go ndearnadh é a dhíriú agus a chur chuig an dara duine in imthosca ina bhfuil sé réasúnach a thiomhdiú gur dhírigh agus gur chuir an chéad duine amhlaidh é,

toimhdeofar, mura suífear a mhalairt, gur chruthaigh agus gur chuir an chéad duine é agus go bhfuair an dara duine é, agus maidir le haon ráiteas a bheidh ann—

- (i) gurbh é nó í an chéad duine a rinne é, mura gcuirfear déanamh an ráitis i leith duine éigin eile go sainráite nó go hintuigthe sa doiciméad, agus
- (ii) gur tháinig sé ar iúl an dara duine.

(4) I gcás go bhfaightear doiciméad in aon áit atá á háitiú ag aon duine chun críocha trádála, gairme nó gníomhaíochta eile a sheolann an duine sin in imthosca ina bhfuil sé réasúnach a thiomhdiú gur maoin de chuid an duine sin an doiciméad, ansin, in aon imeachtaí mar gheall ar chion iomchuí toimhdeofar, mura suífear a mhalairt, gur maoin de chuid an duine sin an doiciméad.

(5) I gcás go seolann aon duine trádáil, gairm nó gníomhaíocht eile in áit áirithe, toimhdeofar, mura suífear a mhalairt, in aon imeachtaí mar gheall ar chion iomchuí, maidir le doiciméad a fhaightear san áit sin in imthosca ina bhfuil sé réasúnach a thiomhdiú go mbaineann an doiciméad leis an trádáil, leis an ngairm nó, de réir mar a bheidh, leis an ngníomhaíocht eile sin a sheolann an duine sin, gur doiciméad é a bhaineann leis an trádáil sin, leis an ngairm sin nó, de réir mar a bheidh, leis an ngníomhaíocht eile sin a sheolann an duine sin.

Faisnéis a choimeád siar.

19.—(1) Beidh duine ciontach i gcion más rud é go bhfuil faisnéis aige nó aici ar faisnéis í arb eol dó nó di, nó a gcreideann sé nó sí ina leith, go bhféadfadh sí a bheith ina cúnamh ábhartha—

- (a) maidir le cosc a chur le haon duine eile cion iomchuí a dhéanamh, nó
- (b) maidir le gabháil, ionchúiseamh nó ciontú aon duine eile mar gheall ar chion iomchuí a áirithiú,

agus go mainníonn sé nó sí gan leithscéal réasúnach an fhaisnéis sin a nochtadh do chomhalta den Gharda Síochána a luaithe is indéanta déanamh amhlaidh.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

20.—(1) Ní dhéanfaidh fostóir fostaí a phionósú ná pionósú a bhagairt i gcoinne fostaí, ná ní chuirfidh sé nó sí faoi deara, ná ní cheadóidh sé nó sí d'aon duine eile, fostaí a phionósú nó pionósú a bhagairt i gcoinne fostaí—

Cosaint d'fhostaithe ar phionósú mar gheall ar fhaisnéis a nochtadh a bhaineann le cionta iomchuí.

- (a) mar gheall ar nochtadh a dhéanamh nó fianaise a thabhairt i ndáil le nochtadh den sórt sin in aon imeachtaí a bhaineann le cion iomchuí, nó
- (b) mar gheall ar fhógra a thabhairt go bhfuil ar intinn aige nó aici déanamh amhlaidh.

(2) Beidh éifeacht le *Sceideal 2* i ndáil le sárú líomhnaithe ar *fho-alt (1)*.

(3) Ní fhorléireofar aon ní i *míreanna (a), (c), (d), (e)* ná *(f)* den mhíniú ar “pionósú” ar mhodh ar a gcoiscfear ar fhostóir—

- (a) a chinntiú go seoltar an gnó lena mbaineann ar mhodh éifeachtúil, nó
- (b) aon ghníomh a dhéanamh is gá ar chúiseanna eacnamaíochta, teicniúla nó eagrúcháin.

(4) (a) Más é atá i bphionósú fostaí, de shárú ar *fho-alt (1)*, dífhostú an fostaí, ar dífhostú é dá dtagraítear i *mír (a)* den mhíniú ar “pionósú”, féadfaidh an fostaí (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, tuismitheoir nó caomhnóir an fostaí, lena thoiliú nó lena toiliú) imeachtaí a thionscnamh faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007 maidir leis an dífhostú sin nó chun damáistí a ghnóthú faoin dlí coiteann mar gheall ar dhífhostú éagórach agus, má dhéanann an fostaí nó tuismitheoir nó caomhnóir an fostaí, de réir mar a bheidh, amhlaidh, ní ceadmhach gearán mar gheall ar dhífhostú den sórt sin a thíolacadh do choimisinéir um chearta faoi *mhír 1(1)* de *Sceideal 2*.

(b) Má dhéanann fostaí (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, tuismitheoir nó caomhnóir an fostaí, lena thoiliú nó lena toiliú) gearán a thíolacadh do choimisinéir um chearta faoi *mhír 1(1)* de *Sceideal 2* i ndáil le dífhostú dá dtagraítear i *mír (a)*, ní ceadmhach don fostaí nó do thuismitheoir nó do chaomhnóir an fostaí, de réir mar a bheidh, imeachtaí a thionscnamh faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007 maidir leis an dífhostú sin ná chun damáistí a ghnóthú faoin dlí coiteann mar gheall ar dhífhostú éagórach.

(5) Chun críocha an ailt seo agus *Sceideal 2*, folaíonn tagairt do “dífhostú”—

- (a) dífhostú de réir bhrí na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007, agus
- (b) dífhostú a dhéantar go hiomlán nó go páirteach chun Conradh téarma shocraithe, a measfar gur conradh d'fhad éiginnte é faoi alt 9(3) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003, a sheachaint nó i dtaca leis sin.

(6) San alt seo, in *alt 21* agus i *Sceideal 2*—

ciallaíonn “conradh fostaíochta” conradh fostaíochta nó seirbhíse nó printíseachta, cibé acu is conradh sainráite nó intuigthe é agus, más conradh sainráite é, cibé acu is conradh ó bhéal nó conradh i scríbhinn é;

ciallaíonn “nochtadh”, i ndáil le fostaí, an fostaí do nochtadh faisnéise do chomhalta den Gharda Síochána ar faisnéis í arb eol dó nó di, nó a greideann sé nó sí ina leith, go bhféadfadh sí a bheith ina cúnamh ábhartha—

- (a) maidir le cosc a chur le haon duine eile cion iomchuí a dhéanamh, nó
- (b) maidir le gabháil, ionchúiseamh nó ciontú aon duine eile mar gheall ar chion iomchuí a áirithiú;

ciallaíonn “fostaí” duine a rinne conradh fostaíochta nó a oibríonn faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, a rinne conradh fostaíochta nó a d’oibrigh faoi chonradh fostaíochta) agus déanfar tagairtí, i ndáil le fostóir, d’fhostaí a fhorléiriú mar thagairtí d’fhostaí atá ar fostú ag an bhfostóir sin;

ciallaíonn “fostóir” i ndáil le fostaí, an duine lena bhfuil conradh fostaíochta déanta ag an bhfostaí nó dá n-oibríonn an fostaí faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, lena raibh conradh fostaíochta déanta ag an bhfostaí nó dár oibrigh an fostaí faoi chonradh fostaíochta), agus folaíonn sé—

- (a) duine (seachas fostaí de chuid an duine sin) ar faoina rialú agus faoina stiúradh a oibríonn fostaí, agus
- (b) más cuí, comharba an fhostóra nó fostóir comhlachaithe de chuid an fhostóra;

ciallaíonn “pionósú” aon ghníomh nó neamhghníomh ag fostóir, nó ag duine atá ag gníomhú thar ceann fhostóra, a dhéanann difear d’fhostaí chun a aimhleasa nó chun a haimhleasa maidir le haon téarma nó coinníoll dá fhostaíocht nó dá fostaíocht agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, folaíonn sé—

- (a) fionraí, asleagan nó dífhostú,
- (b) fionraí, asleagan nó dífhostú a bhagairt,
- (c) íslíú céime nó deis ar ardú céime a chailliúint,
- (d) aistriú dualgas, athrú ar shuíomh áite oibre, laghdú ar phá nó athrú ar uaireanta oibre,
- (e) aon araíonacht, iomardú nó pionós eile (lena n-áirítear pionós airgeadais) a fhorchur nó a chur i bhfeidhm,
- (f) cóir éagórach,
- (g) comhéigean, imeaglú nó ciapadh,
- (h) idirdhealú, míbhuntáiste nó caitheamh go holc,
- (i) díobháil, damáiste nó cailteanas, agus
- (j) bagairtí díoltais.

21.—(1) Aon fhostaí a dhéanann nochtadh agus a fhios aige nó aici é a bheith bréagach, nó atá meargánta i dtaobh é a bheith bréagach, beidh sé nó sí ciontach i gcion. Cionta, etc.

(2) Aon duine a sháraíonn *alt 20(1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(3) Aon duine a dhéanann, agus é nó í á cheistiú nó á ceistiú faoi mhionn nó faoi dhearbhasc atá údaraithe faoi *mhír 2(7)* de *Sceideal 2*, aon ráiteas a thabhairt go toiliúil atá ábhartha chun na críche sin agus arb eol don duine ina leith go bhfuil sé bréagach nó nach gcreideann sé nó sí ina leith go bhfuil sé fíor, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(4) Aon duine ar tugadh fógra dó nó di faoi *mhír 2(8)* de *Sceideal 2* agus a dhiúltaíonn nó a fhaillíonn go toiliúil freastal de réir an fhógra nó a dhiúltaíonn, tar éis freastal amhlaidh, fianaise a thabhairt nó a dhiúltaíonn nó a mhainníonn go toiliúil aon doiciméad lena mbaineann an fógra a thabhairt ar aird, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(5) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(6) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *fho-alt (3)* dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(7) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *fho-alt (4)* dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

(8) Maidir le doiciméad a airbheartaíonn a bheith sínithe ag cathaoirleach na Cúirte Oibreachais, nó ag leaschathaoirleach de chuid na Cúirte Oibreachais, á rá—

(a) gur ceanglaíodh, trí fhógra faoi *mhír 2(8)* de *Sceideal 2*, ar dhuine a ainmnítear sa doiciméad freastal os comhair na Cúirte Oibreachais lá agus tráth agus áit a shonraítear sa doiciméad chun fianaise a thabhairt nó doiciméad a thabhairt ar aird, nó iad araon,

(b) gur tionóladh suí den Chúirt Oibreachais an lá sin agus an tráth sin agus san áit sin, agus

(c) nár fhreastail an duine os comhair na Cúirte Oibreachais de bhun an fhógra nó, de réir mar a bheidh, tar éis freastal amhlaidh, gur dhiúltaigh sé nó sí fianaise a thabhairt, nó gur dhiúltaigh sé nó sí nó gur mhainnigh sé nó sí go toiliúil an doiciméad a thabhairt ar aird,

beidh sé, in ionchúiseamh an duine faoi *fho-alt (4)*, ina fhianaise ar na nithe a déarfair amhlaidh gan a thuilleadh cruthúnais mura suifear a mhalairt.

Dliteanas i leith
cionta ag
comhlachtaí
chorpraithe.

22.—(1) Más rud é go ndéanann comhlacht chorpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthaítear go ndearnadh é le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí toiliúla ar thaobh, aon duine ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe nó aon duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháil sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht chorpraithe, ciontach i gcion agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(2) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

SCEIDEAL 1

Alt 3.

“CIONTA IOMCHUI” CHUN CRÍOCHA AN ACHTA SEO

Cionta a bhaineann le baincéireacht, infheistiú cistí agus gníomhaíochtaí airgeadais eile

1. Cion faoi alt 58 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971 a mhéid a bhaineann sé le sárú ar alt 17, 18, 23, 24 nó 25 den Acht sin.
2. Cion faoi alt 37(6) nó 41(1) den Acht Árachais, 1989.
3. Cion faoi alt 20(4) nó 24(4) den Acht um Bainc Thaisce Iontaobhais, 1989.
4. Cion faoi alt 11(3) nó 13(5) den Acht um Iontaobhais Aonad, 1990.
5. Cion faoi alt 25(5) nó 27(4), nó faoi fho-alt (7) nó (8) d’alt 35, den Acht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994.
6. Cion faoi alt 10(16), 19(1)(b), 30, 34, 35(4), 46(2), 54(6), 56(9), faoi fho-alt (3), (5), (6) nó (9) d’alt 52 nó faoi fho-alt (7) nó (8) d’alt 79, den Acht um Idirghabhálaithe Infheistíochta, 1995.
7. Cion faoi alt 12(2) den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 a mhéid a bhaineann sé le sárú ar fho-alt (1) nó (3) d’alt 97, nó ar alt 101, 102 nó 127, den Acht sin.
8. Cion faoi alt 29(3), nó faoi fho-alt (7) nó (8) d’alt 43, den Acht um Chúiteamh d’Infheisteoirí, 1998.
9. Cion faoi alt 14(3) nó 15(2) den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2005.
10. Cion faoi alt 5(2) den Acht um Margaí in Ionstraimí Airgeadais agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2007 a mhéid a bhaineann sé—
 - (a) le mainneachtain dualgas a chomhall ar dualgas é a bhfuil duine faoina réir faoi Rialachán 40(1) nó 112(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais), 2007 (I.R. Uimh. 60 de 2007), nó
 - (b) le sárú ar Rialachán 19, 52, 159 nó 187B de na Rialacháin sin.
11. Cion faoi Rialachán 20(2), 22(4), 58(9), 59(8), 60(6), 62(4) nó 76(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Athárachas), 2006 (I.R. Uimh. 380 de 2006).
12. Cion faoi alt 7 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 a mhéid a bhaineann sé le duine seachas foras creidmheasa (de réir bhrí an Achta sin).
13. Cion faoi alt 48 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010.

Cionta i leith an dlí cuideachtaí

14. Cion faoi alt 60(15), 295 nó 297, nó faoi mhír (a), (d), (e), (f), (g), (i), (j), (k), (l), (m), (n), (o) nó (p) d'alt 293(1), d'Acht na gCuideachtaí, 1963.
15. Cion faoi aon cheann de na forálacha seo a leanas d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986:
 - (a) alt 22(1)(a) (a mhéid a bhaineann sé le mainneachtain alt 5 nó 16 den Acht sin a chomhlíonadh),
 - (b) alt 22(2) (a mhéid a bhaineann sé le mainneachtain gach beart réasúnach a dhéanamh chun comhlíonadh cheanglais alt 3 den Acht sin a áirithiú nó le mainneachtain alt 13 den Acht sin a chomhlíonadh), nó
 - (c) alt 22(3).
16. Cion faoi alt 197, 202(10), 242 nó 243(1) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.
17. Cion faoi alt 37(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2), 1999.
18. Cion faoi alt 48 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2005.
19. Cion faoi Rialachán 5 nó 6 de na Rialacháin um Mí-Úsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE), 2005 (I.R. Uimh. 342 de 2005).
20. Cion faoi Rialachán 76(4) de na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE), 2007 (I.R. Uimh. 277 de 2007).

Cionta sciúrtha airgid agus sceimhlitheoireachta

21. Cion faoi alt 7, 8, 9, 10, 35, 37, 38, 42 nó 49 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010.
22. Cion faoi alt 13 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005.

Cionta gadaíochta agus calaoise, etc.

23. Cion faoi alt 4, 6, 7, 9, 10, 11, 15, 17, 18, 25, 26, 27, 28, 29, 33, 34, 35, 36, 37, 38, 42, 43, 44, 45 nó 51 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001.
24. Comhcheilg chun calaois a dhéanamh faoin dlí coiteann.
25. Cion faoi alt 119 den Acht um Chlárú Teidil, 1964.
26. Cion faoi alt 17.

Cionta breabaireachta agus éillitheachta

27. Cion faoi alt 1 den *Prevention of Corruption Act* 1906.
28. Cion faoi alt 7 nó 8 den Acht um Éilliú a Chosc (Leasú), 2001.

Cion a bhaineann le cosaint tomhaltóirí

29. Cion faoi alt 65 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007.

Cionta a bhaineann le damáiste coiriúil do mhaoin

30. Cion faoi alt 2, 3 nó 4 den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991 a mhéid a bhaineann an cion le sonraí (de réir bhrí alt 1 den Acht sin) nó le meán stórála ina gcoimeádtar na sonraí sin.

SÁSAMH I LEITH SÁRÚ AR ALT 20(1)

Gearáin le coimisinéir um chearta

1. (1) Féadfaidh fostaí (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, féadfaidh tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí, le toiliú an fhostaí) nó féadfaidh aon cheardchumann ar comhalta de an fostaí, le toiliú an fhostaí, gearán a thíolacadh do choimisinéir um chearta á rá gur sháraigh fostóir an fhostaí *alt 20(1)* i ndáil leis an bhfostaí.

(2) I gcás go ndéanfar gearán faoi *fhomhír (1)*, déanfaidh an coimisinéir um chearta—

- (a) deis a thabhairt do na páirtithe éisteacht a fháil ón gcoimisinéir agus aon fhianaise is iomchuí maidir leis an ngearán a thíolacadh don choimisinéir,
- (b) breith i scríbhinn a thabhairt i ndáil leis, agus
- (c) an bhreith a chur in iúl do na páirtithe.

(3) Maidir le breith ó choimisinéir um chearta faoi *fhomhír (2)*, déanfar ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas léi:

- (a) a dhearbhu go raibh nó, de réir mar a bheidh, nach raibh bonn leis an ngearán;
- (b) a cheangal ar an bhfostóir gníomh sonraithe a dhéanamh agus, i gcás gur dífhostú an pionósú, féadfaidh athfhostú nó athfhrúiliú a bheith ar áireamh sa ghníomh sin;
- (c) a cheangal ar an bhfostóir cúiteamh a íoc leis an bhfostaí, ar cúiteamh é de cibé méid (más ann) is cóir agus is cothromasach ag féachaint do na himthosca go léir, ach gan dul thar luach saothair 2 bhliain i leith fhostaíocht an fhostaí arna ríomh de réir rialachán faoi alt 17 den Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977;

agus déanfar na tagairtí i *gclásail (b)* agus *(c)* d'fhostóir a fhorléiriú, i gcás go n-athróidh úinéireacht ghnó an fhostóra tar éis don sárú lena mbaineann an gearán tarlú, mar thagairtí don duine a thiocfaidh chun bheith i dteideal na húinéireachta sin de bhua an athraithe.

(4) Faoi réir *fhomhír (5)*, ní thabharfaidh coimisinéir um chearta aird ar ghearán faoin mír seo má thíolactar dó nó di é tar éis dheireadh na tréimhse 6 mhí dar tosach dáta an tsáraithe lena mbaineann an gearán.

(5) I gcás gurb aon mhífhaisnéis arna tabhairt ag an bhfostóir is cúis le fostaí do dhéanamh moille le gearán a thíolacadh faoin Sceideal seo, forléireofar *fomhír (4)* amhail is dá mba thagairt don dáta ar ar tháinig an mhífhaisnéis ar iúl an fhostaí í an tagairt do dháta an tsáraithe.

(6) D'ainneoin *fhomhír (4)*, féadfaidh coimisinéir um chearta aird a thabhairt ar ghearán faoin mír seo a thíolactar dó nó di tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i *bhfomhír (4)* (ach tráth nach

déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh na tréimhse sin) más deimhin leis nó léi gur imthosca eisceachtúla ba chúis leis an mainneachtain an gearán a thíolacadh laistigh den tréimhse sin.

(7) Tíolacfar gearán trí fhógra ina thaobh a thabhairt i scríbhinn do choimisinéir um chearta agus beidh cibé sonraí san fhógra, agus beidh sé i cibé foirm, a shonróidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ó am go ham.

(8) Tabharfaidh an coimisinéir um chearta cóip d'fhógra faoi *fhomhír (7)* don pháirtí eile lena mbaineann.

(9) Seolfar imeachtaí faoin mír seo os comhair coimisinéara um chearta ar shlí seachas go poiblí.

(10) Déanfaidh coimisinéir um chearta cóip de gach breith a thabharfaidh an coimisinéir faoi *fhomhír (2)* a thabhairt don Chúirt Oibreachais.

Achomhairc i gcoinne breithe ó choimisinéir um chearta

2. (1) Féadfaidh páirtí lena mbaineann achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Oibreachais i gcoinne breithe ó choimisinéir um chearta faoi *mhír 1(2)* agus, má dhéanann an páirtí amhlaidh, déanfaidh an Chúirt Oibreachais—

- (a) deis a thabhairt do na páirtithe éisteacht a fháil uaithi agus aon fhianaise is iomchuí maidir leis an achomharc a thíolacadh di,
- (b) cinneadh i scríbhinn a dhéanamh i ndáil leis an achomharc ina ndéanfar an bhreith a dhaingniú, a athrú nó a chur ar ceal,
- (c) an cinneadh a chur in iúl do na páirtithe.

(2) Déanfaidh an páirtí lena mbaineann achomharc faoin mír seo a thionscnamh trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Chúirt Oibreachais, laistigh de 6 sheachtain (nó cibé tréimhse is faide ná sin a chinnfidh an Chúirt Oibreachais sna himthosca áirithe) ón dáta a cuireadh an bhreith lena mbaineann sé in iúl don pháirtí, ar fógra é ina mbeidh cibé sonraí a chinnfidh an Chúirt Oibreachais faoi *chlásail (e)* agus *(f) d'fhomhír (4)* agus ina ndéanfar go bhfuil ar intinn ag an bpáirtí lena mbaineann achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe.

(3) Tabharfaidh an Chúirt Oibreachais cóip d'fhógra faoi *fhomhír (2)* d'aon pháirtí eile lena mbaineann a luaithe is indéanta tar éis don Chúirt Oibreachais an fógra a fháil.

(4) Cinnfidh an Chúirt Oibreachais na nithe seo a leanas, agus na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil leo, eadhon:

- (a) an nós imeachta i ndáil leis na nithe go léir a bhaineann leis an gCúirt Oibreachais do thionscnamh agus d'éisteacht achomharc faoin mír seo;
- (b) na tráthanna agus na háiteanna a n-éistfear achomhairc den sórt sin;
- (c) ionadaíocht na bpáirtithe in achomhairc den sórt sin;

- (d) cinntí ón gCúirt Oibreachais a fhoilsiú agus fógra a thabhairt ina dtaobh;
- (e) na sonraí a bheidh i bhfógra faoi *fhomhír (2)*;
- (f) aon nithe a leanfaidh as na nithe roimhe seo nó a ghabhfaidh leo.

(5) Féadfaidh an Chúirt Oibreachais ceist dlí a eascróidh in imeachtaí os a comhair faoin mír seo a tharchur chuig an Ard-Chúirt chun go ndéanfaidh sí cinneadh ina leith agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na hArd-Chúirte.

(6) Féadfaidh páirtí in imeachtaí os comhair na Cúirte Oibreachais faoin mír seo achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne cinnidh ón gCúirt Oibreachais ar phonc dlí agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na hArd-Chúirte.

(7) Beidh cumhacht ag an gCúirt Oibreachais, ar aon achomharc arna tharchur chuici faoi *fhomhír (2)* a éisteacht, fianaise a ghlacadh faoi mhionn nó faoi dhearbhasc agus chun na críche sin féadfaidh sí a chur faoi deara do dhaoine a bheidh ag freastal mar fhinnéithe ag an éisteacht mionn a thabhairt nó dearbhasc a dhéanamh.

(8) Féadfaidh an Chúirt Oibreachais, trí fhógra i scríbhinn chuige sin a thabhairt d'aon duine, a cheangal ar an duine sin freastal cibé tráth agus cibé áit a shonrófar san fhógra—

- (a) chun fianaise a thabhairt i ndáil le haon achomharc arna tharchur chuig an gCúirt Oibreachais faoi *fhomhír (2)*, nó
- (b) chun aon doiciméid a shonrófar san fhógra agus a bhaineann leis an ní agus a bheidh i seilbh an duine nó faoi chumhacht an duine a thabhairt ar aird.

(9) Beidh na pribhléidí agus na díolúintí céanna ag finné ag éisteacht achomhairc os comhair na Cúirte Oibreachais atá ag finné os comhair na hArd-Chúirte.

Míreanna 1 agus 2: Forálacha forlíontacha

3. (1) Más rud é nach ndearna an fostóir lena mbaineann breith ó choimisinéir um chearta i ndáil le gearán faoin Sceideal seo a chur i gcrích de réir a téarmaí agus—

- (a) go bhfuil an tréimhse ama chun achomharc a thabhairt i gcoinne na breithe imithe in éag ach nár tugadh aon achomharc den sórt sin, nó
- (b) gur tugadh achomharc ach gur tréigeadh é,

féadfaidh an fostaí lena mbaineann (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, le toiliú an fhostaí, féadfaidh tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí) nó, le toiliú an fhostaí, féadfaidh aon cheardchumann ar comhalta de an fostaí, an gearán a thabhairt os comhair na Cúirte Oibreachais agus déanfaidh an Chúirt Oibreachais, gan an fostóir lena mbaineann ná aon fhianaise (seachas i ndáil leis na nithe réamhráite) a éisteacht, cinneadh a mbeidh an éifeacht chéanna leis atá leis an mbreith.

(2) Déanfar gearán a thabhairt os comhair na Cúirte Oibreachais faoi *fhomhír (1)* trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Chúirt

Oibreachais ina mbeidh cibé sonraí (más ann) a chinnfidh an Chúirt Oibreachais.

(3) Déanfaidh an Chúirt Oibreachais, ar shlí is dóigh léi is cuí, sonraí a fhoilsiú i dtaobh aon chinnidh a dhéanfaidh sí faoi aon cheann de *chlásail* (a), (b), (c), (d), (e) agus (f) *d'fhomhír* (4) de *mhír* 2 (nach cinneadh é maidir le hachomharc áirithe faoin mír sin) agus faoi *fhomhír* (2).

Cinntí ón gCúirt Oibreachais a fhorfheidhmiú

4. (1) Má mhainníonn fostóir cinneadh ón gCúirt Oibreachais i ndáil le gearán faoi *mhír* 1 a chur i gcrích de réir a théarmaí laistigh de 28 lá ón dáta a chuirfear an cinneadh in iúl do na páirtithe, déanfaidh an Chúirt Chuarda, ar iarratas chuici chuige sin—

- (a) ón bhfostaí lena mbaineann (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, le toiliú an fhostaí, ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir an fhostaí), nó
- (b) le toiliú an fhostaí, ó aon cheardchumann ar comhalta de an fostaí,

gan an fostóir ná aon fhianaise (seachas i ndáil leis na nithe réamhráite) a éisteacht, ordú á ordú don fostóir an cinneadh a chur i gcrích de réir a théarmaí.

(2) An tagairt i *bhfomhír* (1) do chinneadh ón gCúirt Oibreachais, is tagairt í do chinneadh nach mbeidh, ar dhul in éag don tréimhse ama chun achomharc a thabhairt ina choinne, aon achomharc den sórt sin tugtha i ndáil leis nó, más rud é gur tugadh achomharc den sórt sin, gur tréigeadh é, agus déanfar an tagairt san *fhomhír* sin don dáta a chuirfear an cinneadh in iúl do na páirtithe, i gcás go dtréigfear achomharc den sórt sin, a fhorléiriú mar thagairt do dháta an tréigin sin.

(3) In ordú faoin mír seo lena ndéanfar foráil maidir le cúiteamh a íoc, féadfaidh an Chúirt Chuarda, más cuí léi sna himthosca go léir déanamh amhlaidh, a ordú don fostóir lena mbaineann ús ar an gcúiteamh a íoc leis an bhfostaí lena mbaineann (de réir an ráta in aghaidh na bliana a bheidh arna shonrú de thuras na huaire in alt 26 den *Debtors (Ireland) Act* 1840) do gach lá nó cuid de lá dar tosach 28 lá tar éis an lae a chuirfear cinneadh na Cúirte Oibreachais in iúl do na páirtithe agus dar críoch an lá díreach roimh an lá a dhéanfar ordú na Cúirte Chuarda.

(4) Aon iarratas faoin alt seo chuig an gCúirt Chuarda, déanfar é chuig an mbreitheamh den Chúirt Chuarda don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an bhfostóir lena mbaineann nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, trádáil, gnó nó slí bheatha.

Forálacha a bhaineann le foirceannadh agus féimheacht

5. (1) Le linn dáileadh a dhéanamh ar shócmhainní cuideachta a bheidh á foirceannadh, áireofar ar na fiacha a bheidh le híos i dtosaíocht ar gach fiach eile faoi alt 285 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 an cúiteamh go léir is iníoctha de bhua breithe faoi *mhír* 1(2)(b) nó de bhua cinnidh faoi *mhír* 2(1)(b) ag an gcuideachta le fostaí, agus beidh éifeacht leis an Acht sin dá réir sin.

(2) Ní éileofar cruthúnas foirmiúil ar na fiacha dá dtabharfar tosaíocht faoi *fhomhír* (1) ach amháin i gcásanna ina bhforálfar dá mhalairt le rialacha arna ndéanamh faoi Acht na gCuideachtaí, 1963.

(3) Le linn dáileadh a dhéanamh ar mhaoin féimhigh nó féichiúnaí comhshocraíochta, áireofar ar na fiacha a bheidh le híoc i dtosaíocht ar gach fiach eile faoi alt 81 den Acht Féimheachta, 1988 an cúiteamh go léir is iníoctha de bhua breithe faoi *mhír 1(2)(b)* nó de bhua cinnidh faoi *mhír 2(1)(b)* ag an bhféimheach nó ag an bhféichiúnaí comhshocraíochta, de réir mar a bheidh, le fostaí, agus beidh éifeacht leis an Acht sin dá réir sin.

(4) Ní éileofar cruthúnas foirmiúil ar na fiacha dá dtabharfar tosaíocht faoi *fhomhír (3)* ach amháin i gcásanna ina bhforálfar dá mhalairt faoin Acht Féimheachta, 1988.

Leasú ar an Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984

6. (1) Leasaítear alt 1(1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 (arna leasú le Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Cheadanna Fostaíochta, 2006) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhíniú ar “Acht 2006”:

“ciallaíonn ‘Acht 2011’ an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2011;”.

(2) Leasaítear alt 6 den Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 (arna leasú amhlaidh)—

(a) i bhfo-alt (2)(a)—

(i) i bhfomhír (xxv), trí “agus” a scriosadh i ndiaidh “d’Acht 2004,”,

(ii) i bhfomhír (xxvi), trí “den Sceideal sin, agus” a chur in ionad “den Sceideal sin.” agus

(iii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (xxvi):

“(xxvii) aon mhéid a cheanglaítear ar fhostóir a íoc de bhua breithe ó choimisinéir um chearta faoi *mhír 1(2)(b)* de *Sceideal 2* a ghabhann le *hAcht 2011* nó de bhua cinnidh ón gCúirt Oibreachais faoi *mhír 2(1)(b)* den Sceideal sin.”,

(b) i bhfo-alt (2)(b), trí “, (xxvi) nó (xxvii)” a chur in ionad “nó (xxvi)”,

(c) i bhfo-alt (2)(c), trí “, (xxvi) nó (xxvii)” a chur in ionad “nó (xxvi)”, agus

(d) i bhfo-alt (9), sa mhíniú ar “dáta iomchuí”, trí “, (xxvi) nó (xxvii)” a chur in ionad “nó (xxvi)”.